CINNEADH Uimh. 55/2022 Ó CHOMHCHOISTE LEE

an 18 Márta 2022

lena leasaítear Iarscríbhinn II (Rialacháin theicniúla, caighdeáin, tástáil agus deimhniú) a ghabhann le Comhaontú LEE [2022/1123]

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ("Comhaontú LEE"), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán (AE) 2019/2144 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir le ceanglais chineálcheadaithe do mhótarfheithiclí agus a leantóirí, agus córais, comhpháirteanna agus aonaid theicniúla ar leithligh le haghaidh feithiclí den sórt sin, a mhéid a bhaineann lena sábháilteacht ghinearálta agus cosaint na ndaoine atá i bhfeithiclí agus úsáideoirí soghonta bóthair, lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 78/2009, (CE) Uimh. 79/2009 agus (CE) Uimh. 661/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialacháin (CE) Uimh. 631/2009, (AE) Uimh. 406/2010, (AE) Uimh. 672/2010, (AE) Uimh. 1003/2010, (AE) Uimh. 1005/2010, (AE) Uimh. 1008/2010, (AE) Uimh. 1009/2010, (AE) Uimh. 19/2011, (AE) Uimh. 109/2011, (AE) Uimh. 458/2011, (AE) Uimh. 65/2012, (AE) Uimh. 130/2012, (AE) Uimh. 347/2012, (AE) Uimh. 351/2012, (AE) Uimh. 1230/2012 agus (AE) 2015/166 ón gCoimisiún ([1]), arna cheartú le IO L 398, 11.11.2021, lch. 29, tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Le Rialachán (AE) 2019/2144, aisghairtear, le héifeacht ón 6 Iúil 2022, Rialacháin (CE) Uimh. 78/2009 ([2]), (CE) Uimh. 79/2009 ([3]) agus (CE) Uimh. 661/2009 ([4]) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialacháin (CE) Uimh. 631/2009 ([5]), (AE) Uimh. 406/2010 ([6]), (AE) Uimh. 672/2010 ([7]), (AE) Uimh. 1003/2010 ([8]), (AE) Uimh. 1005/2010 ([9]), (AE) Uimh. 1008/2010 ([10]), (AE) Uimh. 1009/2010 ([11]), (AE) Uimh. 19/2011 ([12]), (AE) Uimh. 109/2011 ([13]), (AE) Uimh. 458/2011 ([14]), (AE) Uimh. 65/2012 ([15]), (AE) Uimh. 130/2012 ([16]), (AE) Uimh. 347/2012 ([17]), (AE) Uimh. 351/2012 ([18]), (AE) Uimh. 1230/2012 ([19]) agus (AE) 2015/166 ón gCoimisiún ([20]), atá ionchorpraithe i gComhaontú LEE agus atá le haisghairm, dá réir sin, faoi Chomhaontú LEE le héifeacht ón 6 Iúil 2022.

(3) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn II a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasófar Caibidil I d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Comhaontú LEE mar seo a leanas:

([1]) IO L 325, 16.12.2019, lch. 1.
([2]) IO L 35, 4.2.2009, lch. 1.
([3]) IO L 35, 4.2.2009, lch. 32.
([4]) IO L 200, 31.7.2009, lch. 1.
([5]) IO L 195, 25.7.2009, lch. 1.
([6]) IO L 122, 18.5.2010, lch. 1.
([7]) IO L 196, 28.7.2010, lch. 5.
([8]) IO L 291, 9.11.2010, lch. 22.
([9]) IO L 291, 9.11.2010, lch. 36.
([10]) IO L 292, 10.11.2010, lch. 2.
([11]) IO L 292, 10.11.2010, lch. 21.
([12]) IO L 8, 12.1.2011, lch. 1.
([13]) IO L 34, 9.2.2011, lch. 2.
([14]) IO L 124, 13.5.2011, lch. 11.
([15]) IO L 28, 31.1.2012, lch. 24.
([16]) IO L 43, 16.2.2012, lch. 6.
([17]) IO L 109, 21.4.2012, lch. 1.
([18]) IO L 110, 24.4.2012, lch. 18.
([19]) IO L 353, 21.12.2012, lch. 31.
([20]) IO L 28, 4.2.2015, lch. 3.

1. Cuirtear an fhleasc seo a leanas i bpointe 51 (Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle):

   "- **32019 R 2144**: Rialachán (AE) 2019/2144 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 (IO L 325, 16.12.2019, lch. 1), arna cheartú le IO L 398, 11.11.2021, lch. 29."

2. Cuirtear an pointe seo a leanas isteach i ndiaidh phointe 51c, (Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/133 ón gCoimisiún):

   "52. **32019 R 2144**: Rialachán (AE) 2019/2144 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir le ceanglais chineálcheadaithe do mhótarfheithiclí agus a leantóirí, agus córais, comhpháirteanna agus aonaid theicniúla ar leithligh le haghaidh feithiclí den sórt sin, a mhéid a bhaineann lena sábháilteacht ghinearálta agus cosaint na ndaoine atá i bhfeithiclí agus úsáideoirí soghonta bóthair, lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 78/2009, (CE) Uimh. 79/2009 agus (CE) Uimh. 661/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialacháin (CE) Uimh. 631/2009, (AE) Uimh. 406/2010, (AE) Uimh. 672/2010, (AE) Uimh. 1003/2010, (AE) Uimh. 1005/2010, (AE) Uimh. 1008/2010, (AE) Uimh. 1009/2010, (AE) Uimh. 19/2011, (AE) Uimh. 109/2011, (AE) Uimh. 458/2011, (AE) Uimh. 65/2012, (AE) Uimh. 130/2012, (AE) Uimh. 347/2012, (AE) Uimh. 351/2012, (AE) Uimh. 1230/2012 agus (AE) 2015/166 ón gCoimisiún (IO L 325, 16.12.2019, lch. 1.), arna cheartú le IO L 398, 11.11.2021, lch. 29."

3. Téacs phointí 45zy (Rialachán (CE) Uimh. 78/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle), 45zz (Rialachán (CE) Uimh. 631/2009 ón gCoimisiún), 45zza (Rialachán (CE) Uimh. 661/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle) 45zzb (Rialachán (AE) Uimh. 672/2010 ón gCoimisiún), 45zzc (Rialachán (AE) Uimh. 1003/2010 ón gCoimisiúin), 45zzd (Rialachán (AE) Uimh. 1005/2010), 45zze (Rialachán (AE) Uimh. 1008/2010 ón gCoimisiún) 2010), 45zzf (Rialachán (AE) Uimh. 1009/2010 ón gCoimisiún), 45zzg (Rialachán (AE) Uimh. 19/2011 ón gCoimisiún), 45zzh (Rialachán (AE) Uimh. 109/2011 ón gCoimisiún), 45zzi (Rialachán (AE)) Uimh. 458/2011 ón gCoimisiún), 45zzj (Rialachán (CE) Uimh. 79/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle), 45zzm (Rialachán (AE) Uimh. 406/2010 ón gCoimisiún), 45zzn (Rialachán (AE) Uimh. 130/2012 ón gCoimisiún), 45zzo (Rialachán (AE) Uimh. 65/2012 ón gCoimisiún), 45zzp (Rialachán (AE) Uimh. 347/2012 ón gCoimisiún), 45zzq (Rialachán (AE) Uimh. 351/2012 ón gCoimisiún) agus 45zzu (Rialachán (AE) Uimh. 1230/2012 ón gCoimisiún) de Chaibidil I d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Comhaontú LEE, scriosfar an téacs sin le héifeacht ón 6 Iúil 2022.

Airteagal 2

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Rialachán (AE) 2019/2144, arna cheartú le IO L 398, 11.11.2021, lch. 29, san Íoslainnis agus san Ioruais, atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 19 Márta 2022, ar choinníoll go mbeifear tar éis na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE a dhéanamh ina leith *, nó ar lá theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh. 49/2022 ó Chomhchoiste LEE an 18 Márta 2022 ([21]), cibé acu is déanaí.

Airteagal 4

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 18 Márta 2022.

Thar ceann Chomhchoiste an LEE
An tUachtarán
Nicolas VON LINGEN

(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.
([21]) IO L 19